



Comhairle Contae Mhuineacháin

ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003
SCÉIM TEANGA
2017 - 2020

Clár

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra	3
1.1 Réamhrá	3
1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime	3
1.3 Dáta tosaithe na Scéime	3
Caibidil 2: Léargas ar Chomhairle Contae Mhuineacháin	4
2.1 Misean agus Cuspóirí	4
2.2 Príomhfheidhmeanna	4
2.3 Seirbhísí Lárnacha	4
2.4 Custaiméirí agus Cliaint	5
Caibidil 3: Sonraí seirbhísí ar fáil faoi láthair as Béarla amháin nó go dátheangach	6
Caibidil 4: Ag cur le soláthar Seirbhísí as Gaeilge	7
Caibidil 5: Ag cur le Cumas Teanga	12
Caibidil 6: Monatóireacht aus Athbhreithniú	14
Caibidil 7: An Scéim Aontaithe a fhógairt	15

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

1.1 Reamhrá

Faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí scéim a ullmhú a leagfaidh síos na seirbhísí atá i gceist acu a sholáthar:

- trí mheán na Gaeilge amháin,
- trí mheán an Bhéarla amháin, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon

Sa scéim teanga leagtar síos na céimeanna atá i gceist a ghlacadh chun a chinntiú go mbeidh aon seirbhís nach bhfuil ar fáil trí Ghaeilge a sholáthar sa teanga sin amach anseo.

Faoi réir Alt 14(3) den Acht fanfaidh scéimeanna i bhfeidhm go ceann trí bliana de ghnáth, nó go ndeimhníonn an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta scéim nua, pé acu is luaithe.

1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Agus an scéim seo á hullmhú, tógadh ceann mar ba chóir de na Treoracha a d'éisigh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Ina theannta san, tharla próiseas cuimsitheach comhairliúcháin le páirtithe cuí leasmhara.

Mar threoir don Údarás Áitiúil creidtear go mba chóir an soláthar seirbhísí as Gaeilge a bhunú ar:

- leibhéal bunúsach an éileamh a bhíonn ar sheirbhísí áirithe as Gaeilge,
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige dearfach i leith a leithéid de sheirbhísí, agus
- na hacmhainní ar fáil, idir dhaonna agus airgeadais, agus an cumas atá ag an gcomhlacht teacht ar an acmhainn chúí teanga nó í a fhorbairt.

Tagann an scéim seo le prionsabail Seirbhís Ardchaighdeáin Chustaiméara agus lenár gCairt Chustaiméara. Dréachtadh í chun go bhfreagraí Comhairle Contae Mhuineacháin dá cuid dualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla ar bhonn méadaithe, trín scéim seo agus scéimeanna eile sa todhcháí.

Is mór againn an t-am agus an dua atá caite ag mórán daoine le linn an phróisis úd.

1.3 Dáta tosaithe na Scéime

Dheimhnikh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta an scéim seo a bheidh i bhfeidhm ó **02 Deireadh Fómhair** agus a mbeidh feidhm léi go ceann trí bliana, nó go ndeimhnítear scéim nua, pé acu is déanaí

Caibidil 2: Léargas ar Chomhairle Contae Mhuineacháin

2.1 Misean agus Cuspóirí

Spreagann agus gríosáíonn Comhairle Contae Mhuineacháin forbairt sa chontae idir eacnamaíoch, pobail agus cultúrtha agus soláthraítear seirbhísí is bonneagar ardchaighdeáin inmharthana. Gníomhaítear ar bhonn cuimsitheach oscailte i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara.

2.2 Priomhfheidhmeanna

Trínár gcóras ‘Tús Áite ag an bPobal’, tá ról mór agus freagracht orainn maidir le gnóthaí atá cheana féin ann a leathnú, fiontair nua a chruthú agus cur le deiseanna áitiúla fostaíochta.

Ag seo a leanas na príomhranna:

- Tithíocht agus Foirgníocht
- Bóithre agus Iompar
- Mótarcháin
- Seirbhísí Uisce
- Airgeadas
- Rialú & Cúrsaí Corparáideacha
- Pleanáil & Forbairt Eacnamaíoch
- Turasóireacht
- Forbairt Phobail
- Comhshaol
- An tSeirbhís Dóiteáin, Rialú Foirgníochta & An tSeirbhís Chosaint Shibhialta
- An tSeirbhís Leabharlainne
- Músaem an Chontae
- An Oifig Ealaíona
- Bainistíocht Daonacmhainní
- Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe-Cluain Eois
- Ceantar Bardasach Mhuineacháin
- Ceantar Bardasach Carraig Mhachaire Rois-Baile na Lorgan

2.3 Seirbhísí Lárnacha

Cuireann cur chuige cuimsitheach oscailte na Comhairle le héifeachtúlacht oibríochta, bíonn tús áite ag seirbhísí do shaoránaigh, déantar athbhreithniú rialta ar mhargadh maith a fháil sna seirbhísí chun réimse leathan soláthar a chuireann leas agus cáilíocht beatha muintir agus pobail an chontae chun tosaigh i gcónaí.

Tharla athrú i dtreo breis cinntí a thógail ag leibhéal áitiúil agus tá breis smacht ag Baill Tofa agus pobail ar réimse leathan ceisteanna a bhaineann le gá agus cúinsí áitiúla, féadfaidh páirtithe leasmhara deacrachtaí a réiteach go háitiúil. Is maith an rud é sin don Chomhairle is iad ag forbairt

pobal inmharthana, ag cur le haitheantas pobail agus ag cur go mór le héifeachtúlacht agus creidiúnacht ionadaíocht an daonlathais.

2.4 Custaiméirí agus Cliaint

Tugann Comhairle Contae Mhuineacháin aird ar pholasaithe cuí agus cuspóirí i bPleananna Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil. Bhí siad go léir san áireamh agus cuspóirí straitéiseacha á bhforbairt mar an Plean Bliantúil Oibríochta. Is iad saoránaigh agus pobal ár bpríomhpháirtithe leasmhara, agus leagtar béim ar na gnéithe seo a leanas mar dhíol suime acu:

- Cuimsiú sóisialta a ligfidh do chách – go háirithe dóibh siúd atá ar an imeall – a bheith páirteach i gcinntí á ndéanamh
- Brí le plé i measc saoránaigh agus pobail, a bheith bainteach le tosaíochtaí a aithint agus pobail áitiúla a mhúnlú trí na LCDC (Coistí Forbartha Pobail Áitiúla) a chuimsíonn gníomhaíocht saorálach agus saorántacht gníomhach
- Comhoibriú idiráisiúnteachta chun leas torthaí do phobail
- Forbairt eacnamaíoch agus cruthú post á gcur chun cinn
- Ceisteanna um forbairt inmharthana a bhreith isteach
- Díriú go soiléir ar leas as na hacmhainní a bhíonn ar fáil maraon le margadh maith a bhaint astu i gcónaí
- Ceisteanna comhshaoil a chur san áireamh

Caibidil 3: Sonraí seirbhísí ar fáil faoi láthair as Béarla amháin nó dátheangach

Sonraí seirbhísí a sholáthraítear faoi láthair trí mheán an Bhéarla amháin nó ar bhonn dhátheangach Béarla agus Gaeilge; **clúdaítear seirbhísí i gceantair Ghaeltachta.**

Seirbhísí (Ginearálta)	As Béarla amháin	As Gaeilge amháin	Dátheangach, Béarla agus Gaeilge
Tithíocht & Foirgníocht	✓		
Seirbhísí Uisce	✓		
Pleanáil	✓		
Bóithre & Iompar	✓		
Rialú & Cúrsaí Corparáideacha	✓		
Airgeadas, TE & Mótarcháin	✓		
Pleanáil & Forbairt Eacnamaíoch	✓		
Forbairt Phobail	✓		
Comhshaol			✓
Dóiteán, Rialú Foirgníocht & Cosaint Shibhialta	✓		
Daonacmhainní	Soláthar Seirbhísí faoi láthair		
Músaem	✓		
Ealaíon			✓
Leabharlanna			✓
Seirbhísí i gCeantair Ghaeltachta	As Béarla amháin	As Gaeilge amháin	Dátheangach, Béarla agus Gaeilge
Ní bhaineann			

Caibidil 4: Ag cur le soláthar Seirbhísí as Gaeilge

Is riachtanais sainordaithí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 iad siúd sa tábla anseo thíos.

Meán cumarsáid leis an bpobal		Tiomantas	
Fógraí Taifeadta Béil		Beidh na fógairtí taifeadta béil seo a leanas as Gaeilge nó dátheangach:	Sainordú
		(a) Fógairtí taifeadta béil ar an bhfón fad is atá oifigí an chomhlacht poiblí dúnta; (b) Fógairtí taifeadta béil á dtarchur ar chóras labhartha poiblí; (c) Fógairtí taifeadta béil cruthaithe agus á dtarchur trí chóras scaipthe ríomhaireachta nó córas freagartha ríomhaireachta. Baineann an fhoráil úd le fógairtí ' taifeadta' seachas fógairtí 'beo'. Má tá Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, caithfidh an comhlacht poiblí cloí leis an leagan oifigiúil Gaeilge a chinntítear san Ordú in aon fhógairtí taifeadta béil acu féin nó déanta ar a son.	
Cumarsáid Scríofa	Litreacha agus Post Leictreonach	Freagraítear aon chomhfhreagras sa teanga oifigiúil chéanna ina bhfaightear é.	Sainordú
	Stáiseanóireacht	Soláthraítear ceannteidil stáiseanóireachta, páipéar scríofa agus nótaí dea-mhéine, leathanaigh clúdach faics, clúdaigh comhaid agus eile, lipéid agus clúdaigh litreach as Gaeilge nó dátheangach.	Sainordú
Comharthaíocht	Comharthaíocht	Faoi réir na rialacháin (I.R.Uimh.391/2008) bíonn aon chomharthaíocht in airde ag Comhairle Contae Mhuineacháin nó ar a son as Gaeilge nó dátheangach.	Sainordú
Foilsíúcháin	Foilsíúcháin	Déantar aon doiciméad ina leagtar amach tograí beartais poiblí, aon chuntas iniúchta nó ráiteas airgeadais, aon tuarascáil bhliantúil nó ráiteas straitéise go comhuaineach sa dá theanga Béarla agus Gaeilge.	Sainordú
	Ciorcláin/Coir Phoist	Má chuireann comhlacht poiblí comh-	Sainordú

		fhreagras scríofa nó trí phost leictreonach chuig an pobal mór nó le haicme den pobal chun faisnéis a thabhairt, cinntítear gur as Gaeilge nó as Béarla agus Gaeilge a bheidh sé sin.	
An Ghaeltacht	Logainmneacha Gaeltachta	De réir na reachtaíochta caithfidh an comhlacht poiblí cloí le logainmneacha oifigiúla na gceantar Gaeltachta.	Sainordú

Is iad cuspóirí an dara scéim seo ná tógáil ar an ndul chun cinn a baineadh amach ón mbliain 2008 i leith maidir le seirbhísí ardchaighdeán a sholáthar dár gcustaiméirí labhartha na Gaeilge maraon leis an réimse seirbhísí dátheangach a leathnú go ceann tréimhse an phlean.

Sa dara Scéim tá Comhairle Contae Mhuineacháin tiomanta don mhonatóireacht leanúnach ar an éileamh a bhíonn ar sheirbhísí áirithe as Gaeilge, chun gur féidir freagairt don éileamh úd ar bhonn pleanáilte, soiléir agus praiticiúil. Tá rún ag an gComhairle an méid atá anseo thíos a gheallúint maidir le forbairt na Gaeilge sa dara Scéim seo go ceann tréimhse na scéime múna luaitear a mhalairt:

Meán cumarsáid leis an bpobal		Gealltanais	Scála ama Deireadh BI 1/ BI 2 / BI 3
Cumarsáid Bhéil/Scríofa	Teileafónaithe, Fálteoirí, I láthair a chéile/Seirbhís ag an gCuntar	<ul style="list-style-type: none"> • Leanfaidh teileafónaithe/fáiltithe d’ainm an Údarás Áitiúil a lua as Gaeilge. • Beidh siad eolach ar na bun bheannachtaí as Gaeilge agus in ann freagairt d’iarratas ar sheirbhís trí Ghaeilge. • Cuirfear custaiméirí i dteagmháil le pé oifigeach atá in ann seirbhís trí Ghaeilge a thairiscint má tá duine ar fáil. Fógrófar ainmneacha na mball foirne atá in ann plé trí Ghaeilge i ranna éagsúla oifig na comhlachta agus ag an bhfáiltiú. • Soláthrófar liosta reatha na mball foirne atá in ann plé leis an bpobal trí Ghaeilge. • Beidh na beannachtaí taifeadta ar an bhfón agus fógartí lasmuigh d’uaireanta oibre go léir dátheangach, déanfar athbhreithniú rialta chun géilliúlacht a chinntiú. • Pé chomhfhreagras a fhaightear trín bpost nó r-phost ón bpobal, eagraíochtaí eile nó baill tofa, freagrófar é sa teanga ina bhfuarthas é. Ní mór don chaighdeán seirbhíse as Gaeilge a bheith chomh hard leis an seirbhís as Béarla. 	Leanúnach

	Coimeádfaidh an t-údarás áitiúil cuntas agus tuairisc ar chomhfhreagras a fhaightear as Gaeilge.	
Cumarsáid ar an bhfón leis an bpobal	Tabharfar treoir don bhfoireann faoi ghlaonna teileafón a fhreagairt ó lucht labhartha na Gaeilge i measc an phobail.	Leanúnach
Fógairtí Taifeadta Béil	Is i bhformáid dátheangach a bheidh na beannachtaí pearsanta réamhthaifeadta ag baill foirne atá dátheangach.	Bliain 1
Fógairtí beo	Ní dhéantar aon fhógairtí beo i bhfoirgnimh Co Co Mhuineacháin. Is fíor, áfach, dá dtarlódh a leithéid go mbeidís dátheangach.	
Bileoga/ Bróisiúir Eolais	<ul style="list-style-type: none"> • Go ceann tréimhse an phlean cinnteoidh Co Co Mhuineacháin gur faoin aon chlúdach a bhíonn an dá leagan, Gaeilge agus Béarla, d'aon doiciméid pholasaí atá le foilsiú, ach amháin múna mbíonn sé sin oiriúnach ó thaobh nádúir, méid nó leagan amach an ábhair. • Ina leithéid de chás foilseofar in aon teanga amháin, ach luaifear sa leagan Béarla go bhfuil leagan Gaeilge ar fáil freisin. • Má bhíonn dhá leagan ar leith, Gaeilge agus Béarla, d'fhoirmeacha iarratais nó bileoga eolais, beidh an dá leagan ar aon chéim in áiteanna poiblí. • Beidh leagan dátheangach ar fáil de na bileoga is bróisiúir a úsáidtear go minic. Soláthrófar cinn eile as Gaeilge ar iarratas. 	Leanúnach
Foirmeacha Iarratais	<ul style="list-style-type: none"> • Beidh leagan dátheangach ar fáil de na foirmeacha iarratais a úsáidtear go minic. Soláthrófar cinn eile as Gaeilge ar iarratas. • I gcúinsí ar leith foilseofar foirmeacha in aon teanga amháin, ach luafar ar an leagan Béarla go bhfuil an fhoirm ar fáil as Gaeilge freisin. • 	Leanúnach
<u>Eile</u>	Foilseofar doiciméid mar an Plean Corparáideach agus an Tuarascáil Bhliantúil ar bhonn dátheangach.	Leanúnach

Na Meáin	Preasráitis	Eiseofar preasráitis maidir le cursaí na Gaeilge as Gaeilge nó dátheangach, seolfar iad chuig na meáin Ghaeilge agus Béarla san am céanna.	Leanúnach
	Labhairt leis na Meáin	Beidh urlabhraí ar fáil le haghaidh agallaimh leis na meáin Ghaeilge. Is ar bhonn dátheangach a fhoilseofar fógraí nuachtán áitiúla/náisiúnta má bhaineann an t-ábhar le ceisteanna na Gaeilge.	Bliain 1
	Óráidí	Is ar bhonn dátheangach agus san am céanna a eiseofar óráidí a bhaineann le cúrsaí na Gaeilge ó Chathaoirleach na Comhairle, Méaraí na gCeantar Bardasach agus an Príomhfheidhmeannach.	Leanúnach
Teicneolaíocht Eolais	R-phost	<ul style="list-style-type: none"> Bunófar seoladh r-phost ar leith eolas@monaghancoco.ie dóibh siúd ar mhian leo teagmháil a dhéanamh as Gaeilge le Comhairle Contae Mhuineacháin. Is ar bhonn dátheangach a bheidh teachtaireacht caighdeánach r-phost mar shéanadh. 	Bliain 1
	Suímh Idirlín	<ul style="list-style-type: none"> Beidh leagan Gaeilge den ábhar statach ar leathanach baile agus príomhleathanaigh ainmnithe ar shuíomh idirlín an chomhlacht phoiblí. Tabharfar rogha teanga Gaeilge nó Béarla ar an leathanach baile. Forbrófar leathanach ar leith chun naisc na n-ábhar as Gaeilge a bhreith le chéile i dtreo rochtain a éascú do lucht labhartha na Gaeilge. Faoi dheireadh an scéim seo beidh an leathanach baile agus cur síos ar gach Roinn ar fáil as Gaeilge ach cliceáil ar an gcaipe “As Gaeilge”. Forbrófar an córas Inlín mar acmhainn foirne chun dátheangachas a chur chun cinn, cuimseofar an leagan oifigiúil de logainmneacha, nathanna fáiltithe, teidil poist agus seirbhísí laistigh de na húdaráis áitiúla, comharthaí bóthair, óráidí foirmiúla 7rl. 	Bliain 1
	Córais Ríomhaireachta	Bainfidh an comhlacht poiblí leas gníomhach as an dteicneolaíocht chun cur le seirbhísí dátheangacha. Is ar bhonn dátheangach a bheidh córas nua bogearraí ríomhaireachta.	Bliain 1

	Seirbhísí Idirghníomhacha	<ul style="list-style-type: none"> •Beidh na seirbhísí idirghníomhacha ar fad ar fáil sa dá theanga. •De réir teacht a bheith orthu go teicniúil, is ar bhonn dátheangach a bheidh seirbhísí idirghníomhacha forbartha ag comhlachtaí seachtracha. •Faoi dheireadh na scéime is sa dá theanga a bheidh aon seirbhísí nua idirghníomhacha a ghlacann le hiarratais ón bpobal. 	Bliain 1
Eile	Cruinnithe	<ul style="list-style-type: none"> •Fáilteofar roimh labhairt as Gaeilge nó Béarla le linn cruinnithe poiblí eagraithe ag Comhairle Contae Mhuineacháin. •Is as Gaeilge nó dátheangach a bheidh cruinnithe eagraithe ag an gcomhlacht poiblí a phléann ceisteanna nó cúrsaí Gaeilge, mar is cuí. •Tacóidh Údarás Áitiúla Mhuineacháin le saothar An Choiste Logainmneacha. Leanfaidh an coiste den Ghaeilge agus eolas áitiúil, cultúrtha is oidhreachta a chur chun cinn nuair a roghnaítear logainmneacha d'fhorbairtí nua idir phoiblí agus príobháideach. 	Leanúnach
	Ordú Logainmneacha	Don ghnó oifigiúil cloífidh an Chomhairle leis an leagan oifigiúil Gaeilge de na logainmneacha mar atá ar fáil ar an suíomh www.logainm.ie	Bliain 1

Caibidil 5: Ag cur le Cumas Teanga

5.1 Oiliúint agus Forbairt

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin tiomanta do dheiseanna a chur ar fáil don bhfoireann freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge ag a bhfuil an chreidiúnacht chuí. Cuirfear an fhoireann go léir ar an eolas maidir le háiseanna/deiseanna an cumas Gaeilge a fheabhsú.

		Tiomantas	Scála ama Deireadh BI 1/ BI 2 / BI 3
Cur le Cumas Gaeilge	Earcaíocht	Gheobhaidh baill nua foirne pacáiste tosaithe ina mbeidh cóip den Scéim seo.	Bliain 2
	Oiliúint	Beidh deiseanna ag an bhfoireann cur lena gcumas Gaeilge. Socrófar freastal ar oiliúint oiriúnach teanga maraon le teastais líofachta chun tacú le baill foirne is iad ag iarraidh cur lena gcumas Gaeilge.	Bliain 2
	Eile	Cuirfidh Co Co Mhuineacháin dóthain acmhainní ar fáil chun an Scéim a chur i gcrích; ina theannta san <ul style="list-style-type: none"> •leanfar den Scéim Scoláireachtaí Gaeltachta •cabhrófar le ceolchoirmeacha ceol is amhráin traidisiúnta as Gaeilge •cothófar léamh na Gaeilge do dhaoine óga trí chúnaimh na leabharlanna •cuirfear an teanga chun cinn in aghaidh an lae trí ghníomhaíochtaí agus ócáidí i measc an phobail mhóir •pléifear le heagraíochtaí eile mar CLG, Gaelscoileanna agus eagraíochtaí eile na Gaeilge •Aithnítear gan dabht in Údarás Áitiúla Mhuineacháin gur fearr le mórán daoine Naíonraí agus Gaelscoileanna i gCo Mhuineacháin, ina theannta san tá eagraíochtaí eile na Gaeilge gníomhach sa chontae agus go náisiúnta. Éascófar seirbhísí as Gaeilge do na comhlachtaí agus dreamanna úd go ceann tréimhse na scéime. 	

Cumas Gaeilge

Agus polasaí an Rialtais maidir le breis soláthar seirbhísí as Gaeilge a chur san áireamh, roimh dheireadh bliain a haon aithneoidh Comhairle Contae Mhuineacháin aon phost mar a bhfuil cumas Gaeilge mar riachtanas. Déanfar tréan iarracht ar na riachtanais úd a chomhlíonadh faoi dheireadh na scéime i gcomhthéacs polasaí earcaíochta, ardú céime agus oiliúna, mar is cuí. Dá réir sin beidh an Roinn seo in ann feabhsú céimneach na seirbhísí as Gaeilge a phleanáil agus a chur in ord ar bhonn láidir straitéiseach.

Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh Seirbhísí Rialú agus Cúrsaí Corparáideacha athbhreithniú agus monatóireacht rialta ar fheidhmiú na scéime trí thuairisc faoi dhó sa bhliain chuig an Stiúrthóir Seirbhísí.

Beidh monatóireacht bhreise ar bun ag an gCoiste Gaeilge, ar a bhfuil baill tofa a thagann le chéile do 3 chruinniú in aghaidh bliana de réir sceidil.

Is é teagmhálaí na scéime ná Nial Ó Conchúir, Oifigeach Gaeilge, noconnor@monaghancoco.ie

Caibidil 7: An Scéim Aontaithe a fhógairt

Ar dtús fógrófar an scéim seo laistigh agus lasmuigh trí phreasráiteas. Beidh leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár suíomh idirlín agus seolfar é chuig baill uilig na foirne agus áisíneachtaí cuí. D'fhéadfaí teacht ar bhealaí eile chun an scéim a chur in iúl.

Ina theannta san, trínár bplé laethúil le custaiméirí glacfaimid le gach deis a fhaightear na seirbhísí as Gaeilge a fhógairt agus a cur chun cinn mar a leanas:

- Cuirfear in iúl do chustaiméirí ar bhonn dearfach go bhfuil sé de rogha acu gnó a dhéanamh trí Ghaeilge, mar shampla, trí fhógraí a chrochadh sna láithreacha fáiltithe a mhíníonn go bhfuil seirbhísí áirithe ar fáil as Gaeilge
- Na seirbhísí céanna a liostáil go feiceálach ar ár suíomh idirlín
- Múna bhfuil leagan dátheangach de threoracha, bileoga nó foirmeacha iarratais áirithe, a chur in iúl gur féidir an leagan Gaeilge a roghnú
- Ábhar sa dá theanga Gaeilge agus Béarla a bheith ar comhchéim

Seolfar cóip den scéim aontaithe chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.